# An Bille um an Aonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2001

# Twenty-First Amendment of the Constitution Bill, 2001

---

*Mar a tionscnaíodh*
*As initiated*

[No. 7 of 2001]

**TWENTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 2001**

*As initiated*

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Amendment of Article 29 of the Constitution.

2. Citation.

SCHEDULE

Part I

Part II

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT, 2001**

*Mar a tionscnaíodh*

RIAR NA nALT


Alt

1. Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.

2. Lua.

AN SCEIDEAL

Cuid I

Cuid II

**TWENTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 2001**

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS, by virtue of Article 46 of the Constitution, any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend Article 29 of the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Amendment of Article 29 of the Constitution.

**1.**—Article 29 of the Constitution is hereby amended as follows:

(*a*) a section, the text of which is set out in *Part I* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted after section 8 of the Irish text, and

(*b*) a section, the text of which is set out in *Part II* of the *Schedule* to this Act, shall be inserted after section 8 of the English text.

Citation.

**2.**—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Twenty-First Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-First Amendment of the Constitution Act, 2001.

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS FICHE AR AN mBUNREACHT, 2001**

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN MAR A LEANAS:

Airteagal 29 den Bhunreacht a leasú.

**1.**—Leasaítear leis seo mar a leanas Airteagal 29 den Bhunreacht:

(*a*) cuirfear alt, a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid I* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo, isteach i ndiaidh alt 8 den téacs Gaeilge, agus

(*b*) cuirfear alt, a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid II* den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo, isteach i ndiaidh alt 8 den téacs Sacs-Bhéarla.

Lua.

**2.**—(1) An tAonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Aonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht, 2001, a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part I

9 1° Tig leis an Stát Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, a rinneadh sa Róimh an 17ú lá d'Iúil, 1998, a dhaingniú.

2° Ní dhéanann aon fhoráil atá sa Bhunreacht seo aon dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta lenar ghlac an Stát, de bhíthin riachtanais Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, a chur ó bhail dlí.

### Part II

9 1° The State may ratify the Statute of the International Criminal Court, done at Rome on the 17th day of July, 1998.

2° No provision of this Constitution invalidates laws enacted, acts done or measures adopted by the State which are necessitated by the Statute of the International Criminal Court.

## AN SCEIDEAL

### Cuid I

9 1° Tig leis an Stát Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, a rinneadh sa Róimh an 17ú lá d'Iúil, 1998, a dhaingniú.

2° Ní dhéanann aon fhoráil atá sa Bhunreacht seo aon dlíthe a d'achtaigh, gníomhartha a rinne nó bearta lenar ghlac an Stát, de bhíthin riachtanais Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, a chur ó bhail dlí.

### Cuid II

9 1° The State may ratify the Statute of the International Criminal Court, done at Rome on the 17th day of July, 1998.

2° No provision of this Constitution invalidates laws enacted, acts done or measures adopted by the State which are necessitated by the Statute of the International Criminal Court.